# CINNTÍ

## CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1204 ÓN gCOIMISIÚN

**an 16 Meitheamh 2022**

**lena mbunaítear an Bonneagar Taighde um Acmhainní Miocróbacha — Cuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach (MIRRI-ERIC)**

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 3894)*

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

**(Is ag na téacsanna sa Fhraincis, sa Laitvis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis agus sa Spáinnis a bheidh an t-údarás agus acu siúd amháin)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2009 maidir le creat dlíthiúil an Chomhphobail maidir le Cuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach (ERIC) ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1), pointe (a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chuir an Bheilg, an Spáinn, an Fhrainc, an Laitvia agus an Phortaingéil iarratas faoi bhráid an Choimisiúin chun Bonneagar Taighde um Acmhainní Miocróbacha — Cuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach (MIRRI-ERIC) a bhunú (“an t-iarratas”).

(2) Chomhaontaigh na hiarratasóirí gurbh í an Phortaingéil Ballstát óstach MIRRI-ERIC.

(3) Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 a ionchorprú sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) le Cinneadh Uimh. 72/2015 ó Chomhchoiste LEE ([2]).

(4) Rinne an Coimisiún measúnú ar an iarratas, de bhun Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 723/2009, agus chinn sé go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán sin. Le linn an mheasúnaithe, fuair an Coimisiún tuairimí ó shaineolaithe neamhspleácha i réimse an Bhonneagair Taighde um Acmhainní Miocróbacha.

(5) Tá na bearta a leagtar amach sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú faoi Airteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 723/2009,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Bunaítear leis seo an Bonneagar Taighde um Acmhainní Miocróbacha — Cuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach (MIRRI-ERIC).

2. Leagtar amach gnéithe fíor-riachtanacha Reachtanna MIRRI-ERIC san Iarscríbhinn.

([1]) IO L 206, 8.8.2009, lch. 1.

([2]) Cinneadh Uimh. 72/2015 ó Chomhchoiste LEE an 20 Márta 2015 lena leasaítear Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse (IO L 129, 19.5.2016, lch. 85).

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Ríocht na Beilge, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na Laitvia agus Poblacht na Portaingéile.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Meitheamh 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Mariya GABRIEL
*Comhalta den Choimisiún*

*IARSCRÍBHINN*

**GNÉITHE FÍOR-RIACHTANACHA REACHTANNA MIRRI-ERIC**

Leis na hAirteagail agus leis na míreanna de na hAirteagail seo a leanas de Reachtanna MIRRI-ERIC, déantar foráil maidir leis na gnéithe fíor-riachtanacha i gcomhréir le hAirteagal 6(3) de Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 ón gComhairle.

## 1. **Ainm ERIC**

*(Airteagal 1 de Reachtanna MIRRI-ERIC)*

Is é an t-ainm a bheidh ar an mBonneagar Taighde, An Bonneagar Taighde um Acmhainní Miocróbacha — Cuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach, gá ngairtear anseo feasta "MIRRI-ERIC".

## 2. **An oifig chláraithe**

*(Airteagal 2 de Reachtanna MIRRI-ERIC)*

Beidh oifig chláraithe MIRRI-ERIC lonnaithe i gcathair Braga, ar chríoch Phoblacht na Portaingéile, dá ngairtear "an Ballstát atá ina óstach ar an oifig chláraithe" anseo feasta.

## 3. **Cúraimí agus gníomhaíochtaí MIRRI-ERIC**

*(Airteagal 3 de Reachtanna MIRRI-ERIC)*

1. Is é an misean atá ag MIRRI-ERIC freastal ar úsáideoirí na Bitheolaíochta agus an Bhitionscail trí rochtain ar raon leathan bithacmhainní agus sonraí ar ardchaighdeán a éascú ar bhealach atá comhlíontach ó thaobh an dlí de. Trí rochtain ar shaineolas daonna a chur ar fáil agus trí ardán comhoibritheach a sholáthar d'inbhuanaitheacht fhadtéarmach na bithéagsúlachta miocróbaí, a bhuí le MIRRI-ERIC cuirfear leis an eolas agus cuirfear an fhorbairt ghairmiúil chun cinn.

2. Is é an príomhchúram a bheidh ar MIRRI-ERIC bonneagar taighde uile-Eorpach de Lárionaid um Acmhainní Bitheolaíocha sa réimse miocróbach (mBRCanna) a bhunú, a oibriú agus a fhorbairt chun a áirithiú go mbeidh rochtain ar acmhainní agus ar sheirbhísí gaolmhara ar ardcháilíocht, agus go mbeidh saoráidí úrscothacha ann freisin.

3. Beidh pearsantacht dhlítheanach ag MIRRI-ERIC ón dáta a ghabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún lena mbunaítear é mar ERIC. Beidh an inniúlacht dhlíthiúil is fairsinge aige i ngach Ballstát i gcomhréir leis an Rialachán ón Aontas agus le dlí náisiúnta an Bhallstáit sin. Féadfaidh sé, go háirithe, maoin inchorraithe, réadmhaoin agus maoin intleachtúil a fháil agus a dhiúscairt, féadfaidh sé an mhaoin sin a bheith faoina úinéireacht, agus féadfaidh sé conarthaí a thabhairt i gcrích agus a bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla.

4. Saothróidh MIRRI-ERIC a phríomhchúram ar bhonn neamheacnamaíoch. Féadfaidh MIRRI-ERIC gníomhaíochtaí eacnamaíocha teoranta a dhéanamh ar choinníoll go bhfuil dlúthbhaint acu lena bpríomhchúram agus nach gcuireann siad gnóthú an chúraim sin i gcontúirt. Aon ioncam a ghintear leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha teoranta sin, úsáidfidh MIRRI-ERIC é chun tacú lena mhisean.

5. Déanfaidh MIRRI-ERIC na gníomhaíochtaí seo a leanas:

   a. rochtain, atá faoi chosaint dlí agus atá comhlíontach de réir na reachtaíochta, ar acmhainní miocróbacha barántúla agus ar shonraí gaolmhara in mBRCanna a chur chun cinn, chun soláthar cuimsitheach d'ábhar bitheolaíoch don phobal taighde a choinneáil ar bun;

   b. an Comhthimpeallacht Oibre (CWE) agus an Córas Faisnéise MIRRI (MIRRI-IS) a thógáil chun pointe rochtana aonair ar acmhainní miocróbacha agus ar shonraí gaolmhara, ar sheirbhísí miocróbacha úrscothacha, lena n-áirítear seirbhísí digiteacha, agus ar ardáin shaineolacha agus theicniúla a chur ar fáil;

   c. comhlántacht mBRCanna agus idir-inoibritheacht a dtairiscintí sonraí a áirithiú i gcomhair fheidhmiú MIRRI-IS;

d. bainistíocht cáilíochta a bhunú agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear nósanna imeachta caighdeánaithe, dea-chleachtais agus uirlisí iomchuí chun cáilíocht na n-acmhainní, na sonraí gaolmhara agus na seirbhísí arna ndéanamh a mhéadú;

e. caidreamh a bhunú le Bonneagair Taighde Eorpacha eile agus le heagraíochtaí ábhartha eile chun cur le tréithriú na n-acmhainní géiniteacha atá á gcoinneáil in MIRRI-ERIC agus chun cur le cainníocht agus cáilíocht na faisnéise a bhaineann le RI;

f. taighde a mheaitseáil agus seirbhísí a chomhthiomsú le haghaidh institiúidí poiblí agus príobháideacha agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha a sheoladh;

g. rochtain a sholáthar d'úsáideoirí seachtracha ar ábhar, ar shaineolas agus ar shaoráidí eolaíocha Chomhpháirtithe MIRRI-ERIC, rochtain a chomhordófar ionas go mbeidh taighdeoirí in ann taighde inmheánach a dhéanamh ar acmhainní géiniteacha miocróbacha;

h. oideachas agus oiliúint a sholáthar do bhaill foirne mBRCanna, do mhic léinn agus d'úsáideoirí, i réimse na micribhitheolaíochta, amhail an tacsanomaíocht, teicnící sainaitheanta agus caomhnaithe agus i réimse na biteicneolaíochta, amhail an bhithshirtheoireacht, saothrú, optamú agus coipeadh tréithchineálacha;

i. aon ghníomhaíocht ghaolmhar eile is gá a dhéanamh chun a mhisean a bhaint amach.

6. Gabhfaidh raon feidhme uile-Eorpach le gníomhaíochtaí MIRRI-ERIC agus cothófar leo barr feabhais maidir le taighde eolaíoch agus in earnáil na bitionsclaíochta sa réimse miocróbach san Eoraip agus coimeádfaidh siad suas le héilimh na bpobal acadúil agus tionsclaíoch ar bhonn leanúnach. Ar an gcaoi sin, rannchuideoidh MIRRI-ERIC le heolas a úsáid agus a leathadh níos mó agus rannchuideoidh sé freisin le torthaí ar ghníomhaíochtaí taighde atá bunaithe ar mBRC a optamú ar fud na hEorpa agus ar fud an domhain.

7. Beidh an trédhearcacht, an fhreagrúlacht, an fheasacht eiticiúil, an comhlíonadh dlíthiúil, an oscailteacht, an chóir chomhionann agus an neamh-idirdhealú mar threoir ag gníomhaíochtaí MIRRI-ERIC.

### 4. **Fad**

*(Airteagal 4 de Reachtanna MIRRI-ERIC)*

Bunaítear MIRRI-ERIC go ceann tréimhse ama éiginnte. Féadfar é a fhoirceannadh i gcomhréir le hAirteagal 5 de na Reachtanna.

### 5. **Foirceannadh**

*(Airteagal 5 de Reachtanna MIRRI-ERIC)*

1. Is de thoradh cinneadh ó Thionól na gComhaltaí i gcomhréir le hAirteagal 17(8), pointe (c), de na Reachtanna agus i gcomhréir iomlán leis an Dlí Infheidhme mar a shainítear le hAirteagal 36 de na Reachtanna a dhéanfar MIRRI-ERIC a fhoirceannadh.

2. Gan moill mhíchuí agus, in aon chás, laistigh de 10 lá tar éis ghlacadh an chinnidh MIRRI-ERIC a fhoirceannadh, tabharfaidh MIRRI-ERIC fógra don Choimisiún Eorpach faoin gcinneadh.

3. Gan dochar d'Airteagal 6 de na Reachtanna, aon sócmhainn agus dliteanas a bheidh fágtha tar éis fiacha MIRRI-ERIC a bheith íoctha, comhroinnfear ar na Comhaltaí iad i gcoibhneas lena ranníocaíocht iarbhír le MIRRI-ERIC tráth an díscaoilte.

4. Gan moill mhíchuí agus, in aon chás, laistigh de 10 lá ó dhúnadh an nós imeachta foirceanta, tabharfaidh MIRRI-ERIC fógra faoi sin don Choimisiún.

5. Tiocfaidh deireadh le MIRRI-ERIC an lá a fhoilseoidh an Coimisiún Eorpach an fógra iomchuí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

## 6. **Dliteanas na gComhaltaí agus na mBreathnóirí**

*(Airteagal 6 de Reachtanna MIRRI-ERIC)*

1. Beidh MIRRI-ERIC faoi dhliteanas i leith a chuid fiach.

2. Níl na Comhaltaí ná na Breathnóirí faoi dhliteanas comhpháirteach i leith fhiacha MIRRI-ERIC. Maidir le dliteanas airgeadais na gComhaltaí agus na mBreathnóirí i leith fhiacha MIRRI-ERIC, beidh sé teoranta dá ranníocaíocht féin a soláthraíodh do MIRRI-ERIC mar a shonraítear in Airteagal 25 de na Reachtanna.

3. Gheobhaidh MIRRI-ERIC árachas iomchuí chun na rioscaí atá sonrach do cheapadh agus d'oibriú MIRRI-ERIC a chumhdach.

## 7. **Beartas rochtana**

*(Airteagal 7 de Reachtanna MIRRI-ERIC)*

1. Ábhar miocróbach bitheolaíoch, sonraí gaolmhara i mbunachair sonraí, eolas agus seirbhísí atá cleamhnaithe le Comhpháirtithe MIRRI-ERIC nó atá forbartha aige, is nithe iad sin a sholáthróidh MIRRI-ERIC do thaighdeoirí, d'institiúidí bitionscail agus do Ghníomhaireachtaí díláraithe an Aontais amhail an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia nó an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú. Áiritheoidh MIRRI-ERIC go n-urramófar na coinníollacha maidir le húsáid an ábhair bhitheolaíoch mhiocróbaigh arna socrú ag na soláthraithe ábhair agus na soláthraithe sonraí a chleamhnaíonn a mbunachair sonraí le MIRRI-ERIC.

2. Níor cheart a thuiscint le haon fhoráil sna Reachtanna sin go bhfuiltear ag iarraidh srian a chur ar cheart Chomhpháirtithe MIRRI-ERIC cinneadh a dhéanamh maidir le rochtain a thabhairt ar aon sampla agus sonra.

3. Ní dháilfear ábhar miocróbach ach ar dhaoine *bona fide* atá ag feidhmiú i dtimpeallacht ghairmiúil atá oiriúnach chun ábhar beo an ghrúpa bithghuaise atá i gceist a láimhseáil. Nuair is iomchuí, cuirfear bearta bithshlándála feabhsaithe chun cinn.

4. Déanfar meastóireacht ar iarrataí ó dhaoine aonair agus/nó ó thionscadail ar rochtain a fháil ar shuiteálacha eolaíocha Chomhpháirtithe MIRRI-ERIC. An nós imeachta um meastóireacht agus na critéir arna n-úsáid, leagfar amach iad sna Rialacha Oibríochta atá le glacadh ag Tionól na gComhaltaí i gcomhréir le hAirteagal 17(7), pointí (c) agus (e), de na Reachtanna. I gcás ar bith, leis an bpróiseas meastóireachta measfar fiúntas eolaíoch agus beidh sé trédhearcach, cothrom agus neamhchlaonta.

5. Déanfar faireachán ar an rochtain agus tomhaisfear sásamh na n-úsáideoirí le sásra aiseolais mar chuid den dearbhú cáilíochta chun feabhas a chur go leanúnach ar an rochtain.

6. Leagfar amach an Beartas Rochtana sna Rialacha Oibríochta atá le glacadh ag Tionól na gComhaltaí i gcomhréir le hAirteagal 17(7), pointí (c) agus (e), de na Reachtanna.

## 8. **Beartas um Meastóireacht Eolaíoch**

*(Airteagal 8 de Reachtanna MIRRI-ERIC)*

1. Gach 5 bliana, déanfar meastóireacht eolaíoch ar ghníomhaíochtaí, ar sheirbhísí agus ar ardáin MIRRI-ERIC. Is painéal neamhspleách seachtrach idirnáisiúnta den cháilíocht is airde a dhéanfaidh an mheastóireacht. Déanfaidh an painéal sin an tuarascáil mheastóireachta a chur le chéile agus a chur faoi bhráid Thionól na gComhaltaí.

2. Leagfar amach an Beartas um Meastóireacht Eolaíoch sna Rialacha Oibríochta atá le glacadh ag Tionól na gComhaltaí i gcomhréir le hAirteagal 17(7), pointí (c) agus (e), de na Reachtanna.

## 9. **Beartas um Scaipeadh**

*(Airteagal 9 de Reachtanna MIRRI-ERIC)*

1. Cuirfidh MIRRI-ERIC chun cinn a ghníomhaíochtaí agus an chaoi a n-úsáidtear iad i dtaighde, i dtionscadail nuálacha agus san ardoideachas.

2. Leis an mBeartas um Scaipeadh tugtar tuairisc ar na spriocghrúpaí éagsúla, agus úsáidfidh MIRRI-ERIC roinnt bealaí chun teagmháil a dhéanamh leis na spriocghrúpaí, amhail an suíomh gréasáin, an tairseach um Thimpeallacht Oibre Chomhoibríoch, ceardlanna agus oiliúint, na meáin shóisialta agus beidh sé i láthair ag comhdhálacha.

3. Leagfar amach an Beartas um Scaipeadh sna Rialacha Oibríochta atá le glacadh ag Tionól na gComhaltaí i gcomhréir le hAirteagal 17(7), pointí (c) agus (e), de na Reachtanna.

## 10. **Cearta Maoine Intleachtúla**

*(Airteagal 10 de Reachtanna MIRRI-ERIC)*

1. Ní léifear aon ní sna Reachtanna sin lena n-athrófar raon feidhme agus cur i bhfeidhm na gComhaontuithe um Chearta Maoine Intleachtúla agus um Chomhroinnt Sochar arna gcinneadh faoi dhlíthe, rialacháin agus comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha na gComhaltaí.

2. Maidir le Maoin Intleachtúil a mhalartú agus a chomhtháthú idir na Comhaltaí, a n-eintitis ionadaíocha agus a gComhpháirtithe trí bhíthin foráil chonarthach ábhartha, beidh sé faoi réir na Rialacha Oibríochta atá le glacadh ag Tionól na gComhaltaí i gcomhréir le hAirteagal 17(7), pointí (c) agus (e), de na Reachtanna.

3. Maidir le Cearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le sonraí, torthaí agus eolas eile arna dtáirgeadh agus arna bhforbairt laistigh de ghníomhaíochtaí MIRRI-ERIC, beidh siad faoi úinéireacht na n-eintiteas a ghinfidh iad.

4. Déanfar idirbheartaíocht maidir leis na Cearta Maoine Intleachtúla a ghineann úsáideoirí mar thoradh ar rochtain ar acmhainní nó ar shuiteálacha eolaíocha MIRRI-ERIC, agus é mar aidhm ag an idirbheartaíocht chéanna go mbainfidh an t-úsáideoir ina cháil mar chuibhreannas MIRRI-ERIC nó an Comhpháirtí lena mbaineann úsáid chothrom as na cearta sin, agus a n-ionchur féin á chur san áireamh.

5. Soláthróidh MIRRI-ERIC treoraíocht do thaighdeoirí lena áirithiú maidir le taighde a dhéanfar trí leas a bhaint as ábhar agus sonraí arna gcur ar fáil trí bhíthin MIRRI-ERIC, gur laistigh de chreat lena n-aithnítear cearta úinéirí sonraí agus príobháideacht daoine aonair a dhéanfar an taighde sin.

## 11. **Beartas fosaíochta**

*(Airteagal 11 de Reachtanna MIRRI-ERIC)*

1. Tá MIRRI-ERIC tiomanta do chomhionannas deiseanna agus ní dhéanfaidh sé idirdhealú in aghaidh aon duine ar fhorais an chine, an bhunaidh eitnigh, na hinscne, an chreidimh, an mhíchumais, an treoshuímh ghnéasaigh nó ar aon fhoras eile.

2. Beidh nósanna imeachta roghnúcháin le haghaidh iarratasóirí ar phoist foirne MIRRI-ERIC trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach agus urramófar leo prionsabal an chomhionannais deiseanna.

3. Le conarthaí fostaíochta leanfar dlíthe agus rialacháin náisiúnta na tíre ina bhfostaítear an fhoireann agus inar gnách a dhéanann siad a ngníomhaíochtaí.

4. Leagfar amach an Beartas Fostaíochta sna Rialacha Oibríochta atá le glacadh ag Tionól na gComhaltaí i gcomhréir le hAirteagal 17(7), pointí (c) agus (e), de na Reachtanna.

## 12. **Beartas um sholáthar**

*(Airteagal 12 de Reachtanna MIRRI-ERIC)*

1. Caithfidh MIRRI-ERIC le hiarrthóirí agus le táirgeoirí soláthair ar bhonn cothrom agus gan idirdhealú. Le beartas MIRRI-ERIC um sholáthar urramófar prionsabail na trédhearcachta, an neamh-idirdhealaithe agus na hiomaíochta oscailte.

2. Leagfar amach beartas MIRRI-ERIC um sholáthar sna Rialacha Oibríochta atá le glacadh ag Tionól na gComhaltaí i gcomhréir le hAirteagal 17(7), pointí (c) agus (e), de na Reachtanna.